



Teilifís na Gaeilge

Cruinniú an 2 Márta 2026

Baile na hAbhann.

Miontuairiscí

Tinreamh

Bhí Muireann Ní Chíobháin agus Sonia Nic Giolla Easbuig ar Zoom agus na comhaltaí eile i láthair. (níl na 3 Chomhalta nua ceaptha go fóill).

1. Fáilte

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí.

2. Deimhniú maidir le Leas Pearsanta

Dheimhnigh na Comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa le tabhairt ar aird acu seachas an méid a tugadh le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. Miontuairiscí

Iarradh leasú a dhéanamh ar mhír amháin agus glacadh le Miontuairiscí mhí Eanáir.

4. Gnó ag éirí as na Miontuairiscí

Níor éirigh aon ghnó eile as na Miontuairiscí nach raibh ar an chlár.

5. Tuairisc an Ard-Stiúrthóra

5.1 An Rialtas, An Roinn & Coimisiún na Meán

5.1.1 *Na Coimisinéirí Ioncaim:* Tugadh le fios gur seoladh litir chuig na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an NRV ar an 30 Eanáir, go raibh an Roinn agus C&AG cóipeáilte uirthi agus nach raibh freagra faighte go fóill.

5.1.2 *ARPPF 2024 & 2025*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go bhfuil an tuairisc ar an Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht agus Maoiniú Poiblí TG4 agus RTÉ 2024 foilsithe ag an Roinn. Dúradh gur bhain TG4 73% dá spriocanna amach in 2025 (ardú 22% ar an bhliain roimhe). Scaipeadh cóip de ARPPF 2025 leis na cáipéisí boird, le plé agus le ceadú faoi mhír 7.

5.1.3 *Moladh 7.1 agus Nuacht TG4*: Dúradh go raibh cruinniú in oifigí Choimisiún na Meán an 27 Eanáir ag TG4 agus RTÉ agus gur cuireadh plean 3 chéim faoina mbráid chun neamhspleáchas eagarthóireachta a bhaint amach. Cheistigh an Bord an mbeadh neamhspleáchas eagarthóireachta iomlán bainte amach ag deireadh na 3 chéim sin. Mhínigh an tArd-Stiúrthóir go raibh an dá eagrais dírithe ar an sprioc sin a bhaint amach anois.

5.1.4 *Moladh 7.2*: Dúradh go raibh cruinniú ag an Ard-Stiúrthóir le Coimisinéir Forbartha na Meán faoi mholadh 7.2. Tugadh le fios go bhfuil Ceannaire Gaeilge ceaptha ag Coimisiún na Meán agus go mbeidh plean gnímh le cur le chéile anois don tuairisc atá curtha le chéile ar athbhreithniú ar na meáin Ghaeilge.

5.2 Acmhainní Daonna agus Cúrsaí Foirne

5.2.1 *Folúntais*: Tugadh le fios go bhfuil Laura Ní Cheallaigh ceaptha ina Stiúrthóir Ábhair ar feadh tréimhse 7 mbliana agus go bhfuil Dáithí de Mórdha tosaithe ina ról ina Cheannaire Nuachta & Cúrsaí Reatha. Dúradh go raibh ról an Stiúrthóra Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí fógartha mar aon leis an bpost do Cheannaire ar Oiliúint Ghairme sna Meáin (i bpáirt le hÚdarás na Gaeltachta).

Fiafraíodh an bhféadfadh an post Ceannaire Oiliúint Ghairme sna Meáin a bheith lonnaithe i gceantar Gaeltachta eile. Tugadh le fios gurb é ceannáras TG4 an áit atá aon phost lonnaithe ach go bhfuil polasaí solúbtha oibre ag TG4 agus go bhfuil sé seo san áireamh ar gach fógra poist.

5.3 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht

5.3.1 *Scéim na Scríbhneoirí & Scéalaithe Gaeltachta*: Luadh go raibh éileamh mór agus caighdeán an-ard i measc na n-iarratas a fuarthas ar an scéim

nua do Scríbhneoirí & Scéalaithe Gaeltachta. Cuireadh tús leis an gcúrsa i mí Feabhra.

5.3.2 *Babhtaí Coimisiúnaithe*: Dúradh go raibh babhta oscailte faoi láthair d'iarrais ar réimsí ar leith sa sceideal, mar aon le babhta atá dírithe ar chomhlachtaí nua nó léiritheoirí nua a spreagadh agus babhta do thograí cómhaoinithe.

5.3.3 *Virgin Media*: Thug an tArd-Stiúrthóir le fios don Bhord go bhfuil ord na gcainéal teilifíse athruithe ag Virgin Media, rud a fhágann gurb é TG4 an cúigiú cainéal seachas an ceathrú cainéal ar an EPG. Dúradh go n-ardaíonn seo an gá atá le forálacha OSMR 2022 a bhaineann le *prominence* a chur i bhfeidhm.

5.3.4 *Ofcom*: Dúradh gur sheol Ofcom a *Plan of Work* i mBéal Feirste i mí Eanáir. Dúradh go raibh Foras na Gaeilge i dteagmháil le Ofcom agus go raibh siad ag tacú leis an gcás TG4 a chur ar fáil ar Freeview 8. D'fhreastail Stiúrthóir Teicneolaíochta TG4 ar chruinniú Ofcom sa Bhreatain freisin chun cás Freeview 8 a phlé.

5.2.5 *Ócáidí TG4*: Luadh ócáidí éagsúla a bhí ar bun le mí anuas: Gradam an Uachtaráin i bPáirc an Chrócaigh; Comhdháil Women in Film & TV International Summit in Áth Dara, Comhdháil Inbhuanaitheachta a d'éagraigh Coimisiún na Meán i bpáirt le TG4 i nGaillimh agus an Fís TV Summit i nGaillimh.

Pictiúrlanna: Tréasláíodh le Macalla & Cúla4 as léiriú Gaeilge an Scannáin *Spongebob, Cá bhfuil Squarepants?* a eisíodh sna pictiúrlanna an tseachtain seo (i bpáirt le Paramount Pictures). Eisíodh scannán Cine4, *Báite*, i bpictiúrlanna an tseachtain seo freisin.

Dúradh go mbeadh Lá na Léiritheoirí ag TG4 i nGaillimh an 3 Márta.

5.4 Miontuairiscí

Roinneadh Miontuairiscí na gCruinnithe Ardbhainistíochta leis an mBord.

6. Gnó an Chathaoirligh

6.1 ARPPF 2025: Mhol an Cathaoirleach an fhoireann as an obair a rinneadh agus as a ndíograis i dtaobh na spriocanna a baineadh amach in 2025.

6.2 *IFTAS*: Tréaslaíodh leis an dá scannán **Aontas** (6 n-ainmniúchán) agus **Báite** (4 ainmniúchán) as a n-ainmniúcháin IFTA le deireanas. Bronnadh an Gradam don Bhunsócór is Fearr ar **Báite**, bunsócór a scríobh Eimear Noone agus Craig Stuart Garfinkle.

7. Cuntais Mhí Eanáir 2026

Rinne an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar chuntais TG4 do mhí Eanáir. Glacadh leis na cuntais.

7.1 *Uasdátú ar NRV*: Thug an Stiúrthóir Airgeadais uasdátú faoin litir atá seolta ag TG4 chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Roinneadh an litir agus cáipéisí leis na Comhaltaí Boird.

8. Athbhreithniú Feidhmíochta 2025

Cuireadh dréacht d'Athbhreithniú Feidhmíochta 2025 os comhair an Bhoird. Thug na Comhaltaí Boird roinnt aiseolais agus rinne roinnt mionleasuithe.

Ceadaíodh an chaipéis.

D'fhiosruigh an Bord cur chuige TG4 ar X. Iarradh athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí eagarthóireachta TG4 ar Twitter i bhfianaise na mí-úsáide atá á baint as ábhar ar an ardán sin.

Moladh an obair a bhí ar bun ag TG4 ar an pholasaí GESG, agus iarradh béim a leagan ar ghné na timpeallachta mar chuid den tuairisciú amach anseo. Iarradh go mbeadh cur i láthair faoi seo am eicint le linn na bliana ón Stiúrthóir Nuálaíochta, Inbhuanaitheacht agus Acmhainneacht Earnála.

9. Léargas Lucht Féachana

Thug an Bainisteoir Léargais & Taighde Lucht Féachana cur i láthair don Bhord ar lucht féachana 2025 ar aer, ar líne agus ar na meáin shóisialta. Léiríodh na cláir ba mhó féachana ó Nielsen, Fios Físe agus ar líne. Tugadh spléachadh freisin ar thorthaí taighde ar mhianta an lucht féachana, atá á gcur le chéile faoi láthair.

10. Tuairisc ó Fhochoistí Boird

Cruinniú an Choiste Iniúchóireachta & Riosca, an 13 Feabhra.

Roinn Cathaoirleach an CIR tuairisc ó chruinniú Choiste an 13 Feabhra. Pléadh na dúshlán mhóra a bhaineann le Cibearshlándáil agus an tábhacht a bhí le hacmhainní cuí a chur ina treo. Dúradh go raibh an tuairisc iomlán ar Sheasmhacht Oibríochtúil TG4 ar fáil don Bhord.

11. Riarachán Boird

11.1 Coiste Luach Saothair: Cuireadh dréacht de Théarmaí Tagartha an Choiste Luach Saothair faoi bhráid an Bhoird. Ceadaíodh na Téarmaí Tagartha.

11.2 Féinmheasúnú Boird: Cé nach bhfuil na Comhaltaí Boird nua ceaptha go fóill, moladh go rachfaí ar aghaidh leis an Fhéinmheasúnú Boird go luath, agus go ndéanfaí an Lá Straitéise a shocrú nuair a bheidh na Comhaltaí nua ceaptha.

11.3 Comhaltaí Boird Nua: Thug an Cathaoirleach le fios nach raibh ceapadh na gComhaltaí Boird nua deimhnithe go fóill. Mhínigh sí go bhfuil Comhaltaí Boird nua molta agus le ceadú ag an Aire.

11.4 Comhalta Boird ag Críochnú: Thug an Cathaoirleach le fios go mbeidh Muireann Ní Chíobháin ag éirí as a comhaltacht ar an mBord i mí na Bealtaine. Ghabh sí buíochas le Muireann as a comhairle, ceistiú agus moltaí le linn a tréimhse.

12. Gnó na gComhaltaí Boird

Mhol Comhaltaí Boird mar chuid de dhea-chleachtas riartha boird, go gcoinneofaí gnéithe áirithe mar Chibearshlándáil, AI agus GESG ina ngnéithe seasta ar chlár oibre an Bhoird. Moladh go mbeidís ina ngnéithe seasta ar chlár oibre Fho-Choistí an Bhoird agus go ndéanfaí tuairisciú rialta orthu: Cibearshlándáil (An Coiste IR); AI (An Coiste Digiteach); GESG (mír sheasta ag cruinnithe Boird).

13 Aon Ghnó Eile

Ní raibh aon ghnó eile.

Coiste Ceadú Conarthaí

D’fhág Éamonn Ó hArgáin an cruinniú don mhír seo.
Tháinig Proinsias Ní Ghráinne, Eagarthóir Coimisiúnaithe, chuig an chruinniú.

Ceadaiódh an conradh chun Craoladh Beo ar an Fhleadh Cheoil i mBéal Feirste a léiriú in 2026.

Conradh 200k – 500k

Nótáladh conarthaí idir 200k agus 500k.

Críoch

Síniú

DocuSigned by:

Anna M. Gallagher

1915C3940044407

Dáta

28-May-26 | 11:14 AM BST